



The Siren Alps

John McAuliffe



Réamhrá

Coimisiúnaíodh an staidéar darb ainm *An Pobal agus na hEalaíona (2006)* ag an gComhairle Ealaíon chun eolas a chur ar fáil ar iompar agus ar mheon reatha mhuintir na hÉireann i leith na nEalaíon.

Is léir ón staidéar go bhfuil meon an phobail i leith na nEalaíon thar a bheith dearfach agus tá na leibhéil tinrimh níos airde ná na gnáthleibhéil idirnáisiúnta. Nochtar patrúin reatha tinrimh, rannpháirtíochta agus ceannaigh, chomh maith le ‘tomhaltas’ príobháideach na n-ealaíon agus cultúir trí raon meáin atá ag méadú. Léirigh an staidéar chomh maith áfach roinnt fionnachtana atá frithráiteach de réir na cosúlachta – measann an pobal (de réir mar a léiríodh sna samplaí a tógadh ag an staidéar) go bhfuil na healaíona tábhachtach, fiú mura ndéanann siad freastal pearsanta ar imeachtaí ealaíon foirmiúla. Spreag sé seo machnamh ar na slite éagsúla inar féidir leis na healaíona tionchar a dhéanamh ar an saol laethúil, d’ainneoin a dhofheictheacht uaireanta.

De bhun an staidéir d’iarr an Chomhairle Ealaíon ar raon tráchtairí a gcuid tuairimí agus léargas a thabhairt ar *Luach na nEalaíon*. Tá sé mar aidhm ag na paimfléid seo plé a spreagadh agus aird a tharraingt ar an ról ríthábhachtach a d’fhéadfadh a bheith agus a bhíonn ag na healaíona ar ár saolta mar dhaoine aonair, mar bhaill de phobail ilghnéitheacha agus mar chuid den tsochaí i gcoitinne.

THE SIREN ALPS

FÍRINNÍ 1

Tá an duine aonair agus an pobal mar chroí na n-ealaíon, ach is fíor a mhalairt freisin: athraíonn na healaíona saolta agus tá sé de chumhacht acu dearcadh an phobail faoi féin a athrú. Glacann daoine de gach aois le healaíona mar chuid dá saolta laethúla nó seachtainiúla, agus gníomhaíonn siad mar acmhainn nó mar bhealach éalaithe ag pointí áirithe i saolta go leor eile. Tá cuid de sin le brath i dtuairisc nua na Comhairle Ealaíon, *The Public and The Arts*, ach ní féidir le bunús staidrimh na tuairisce measúnacht cheart a dhéanamh ar conas atá na healaíona agus an pobal fite fuaite le chéile. Mar sin féin, molann an bealach ar a roinneann an tuairisc An Pobal agus Na hEalaíona ina n-aonáin éagsúla, isteach i dtomhaltóir agus i dtáirgeoir, an tábhacht a bhaineann le líonraí a chruthú agus a chothú a nascann na healaíona le saol poiblí, sóisialta agus príobháideach bhailte agus chathracha na hÉireann. Cabhraíonn na líonraí cothaithe sin le domhan na n-ealaíon a oscailt, an fhilíocht ach go háirithe, agus is uirlis bhunúsach iad chun fáil réidh le freagairt mhíchompordach go leor daoine ar an bhfilíocht agus chun tuiscint níos leithne ar luach na filíochta a chothú.

THE VALLEY

it survives

In the valley of its making where executives
Would never want to tamper, flows on south
From ranches of isolation and the busy griefs,
Raw towns that we believe and die in; it survives,

A way of happening, a mouth.

Tá línte (iontacha) W.H. Auden maidir leis an bhfilíocht fíor do na healaíona eile freisin: tá a thórdhreach lena ghleann agus a rainsí umhal, aithnidiúil, agus é ag léiriú a dhearbh-éileamh ar mharthain mar ‘a way of happening, a mouth’.

AN LUCHT LÉIRTHUISCEANACH

Samhlaíonn an dán céanna, ‘In Memory of W.B. Yeats’, bás an fhile:

An afternoon of nurses and rumours;
The provinces of his body revolted,
The squares of his mind were empty,
Silence invaded the suburbs,
The current of his feeling failed; he became
his admirers.

Do Auden, agus d’fhormhór léitheoirí na filíochta, bíonn bealaí cainte ag dánta a fheileann dá léitheoirí nó a léann nó a aithníonn iad: sin an fáth go bhféadann dánta (agus file) sórt dara saol a bhaint amach i measc na léitheoirí sin, agus uaireanta, má bhíonn an t-ádh leo, cúrsaíocht níos ginearálta a bhaint amach. I gcásanna dá leithéid, mar a deir Auden faoi Yeats, ‘The death of the poet [is] kept from his poems.’

Cuireann an ghaolmhaireacht idir dán agus an léitheoir, ina n-athraíonn na hEalaíona go Pobal léirthuisceanach, ‘rough beast slouching towards Bethlehem’, i gcuimhne dúinn, áit ar féidir a rá faoi ‘hope and history rhyme’, nó ‘There, but for the clutch of luck, go we all’. Ach is gaolmhaireacht í atá deacair fós cur síos a dhéanamh uirthi nó í a mheas.

AGUS

Deir Frank O'Connor áit éigin gurb é ‘and’ an focal is rómánsaí i dteanga an Bhéarla, ach is deacair an rómáns a fheiceáil i scéal *The Public and the Arts*. De réir na tuairisce seo, tá a fhios ag *An bPobal* go bhfuil *Na hEalaíona* ann ach ní bhuaileann siad le chéile chomh minic agus a theastódh ó na healaíona. Gan amhras, seans go bhfuil an easpa airde sin ón *bPobal* toisc go mbaineann fadhbanna le sainmhíniú *Na nEalaíon* nó leis na bealaí (mar shampla, ag imeachtaí rialta, i spásanna téatair nó ar líne) ar a n-idirghníomhaíonn an *Pobal* leis *Na hEalaíona*. B’fhéidir go bhfuil ionchais ró-ard ag an dá pháirtí, b’fhéidir go ndearnadh áibhéil ar a ngaolmhaireacht go dtí seo.

I mo chás féin, agus i gcás go leor eile, is pobail fhorluiteacha iad an dá phobal molta ag *An Pobal agus Na hEalaíona*. Mar scríbhneoir, ionannaím leis *Na hEalaíona*; mar léitheoir nó mar bhall lucht leanúna ionannaím leis *An bPobal*. Agus mar stiúrthóir fhéile Poetry Now (2003-2007), feicim go bhfuilim féin mar an and cleamhnais ríthábhachtach pribhléideach a bhfuil mar fheidhm *aige* an dá rud sin a thabhairt le chéile.

FOIGHNEAHT AG MEÁNOÍCHE

Nuair a thosaigh mé ag obair le féile Poetry Now chonaic mé go tobann conas atá glacadh an phobail le filíocht agus cur chun cinn na filíochta éagsúil ó chultúr na n-ealaíon le próifíl níos airde. Tá cultúr ag an bhfilíocht atá bunaithe ar athbhreithnithe, rud a oireann do dhomhan foighneach na leabhar agus na léitheoirí; níl mórán i gcomhpháirt aige leis an bpoiblíocht 24-7 don Phobal ar ealaíona na ‘n-imeachtaí’

cosúil le scannánaíocht nó ceol, na healaíona sin is minice a labhraíomar lenár gcairde fúthu. I gcás na scannán agus an rac-cheoil ach go háirithe, dúshaothraítear agus forbraítear and na margaíochta agus na poiblíochta, an rud a líonann omníplexes agus airéiní, ar bhealach sofaisticiúil iomlán. I bhfianaise na tuairisce luachmhaire seo ón gComhairle Ealaíon, tabharfaidh mé aghaidh anois ar an bhfilíocht i gcomhthéacs dhomhan na ‘n-imeachtaí’ sin, sula bpléim an tábhacht a bhaineann leis an ngaolmhaireacht idir an bhfilíocht agus an bpobal a fhorbairt.

CAINT OIBRE 1

Mar thosaíocht, éilíonn féile cosúil le Poetry Now scileanna poiblíochta agus bainistíochta imeachtaí. Cé go mbraitheann sé ar chroílár léitheoirí le spéis ann, ní líonfadh sé an téatar gan lucht leanúna níos mó, níos fánaí a mhealladh. Gach bliain, éiríonn le poiblíocht chórasach agus caidreamh poiblí Poetry Now (tacaíthe ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, An Chomhairle Ealaíon agus *The Irish Times*) an slua Sathairn scaoilte sin a chur ar an eolas, a mhealladh nó a choinneáil, ag líonadh an Pavilion Theatre le daoine a bhfuil cónaí orthu i mbruachbhailte agus bailte comaitéirí na mílte ó Dhún Laoghaire. An bhliain seo caite, díreach roimh an bhféile, ba mhór dom daoine a chloisteáil ag gearán gur bhraith siad ‘báite’ ag fógraí agus bileoga eolais na féile. Deirim féin an rud céanna faoin bpoiblíocht dhosheachanta, agus gan amhras éifeachtach, d’imeachtaí chomh héagsúil le *Shrek 3* agus *The Electric Picnic*.

CAINT OIBRE 2

Mar chuid de phoiblíocht na féile, fuaireamar freisin go bhfuil fráma sóisialta de dhíth ó imeachtaí beo, don fhilíocht mar aon le scannáin, rac-cheol nó drámaíocht, chun slua a mhealladh agus a choinneáil. Fiú mura rabhamar in ann urraíocht Heineken nó bialann ar an suíomh a eagrú don deireadh seachtaine aonuaire seo, ní mór d'imeacht rathúil fóram, club féile, a sholáthar chun cur ar chumas daoine a bhfonnmhaireacht a chur in iúl, a ngearáin a dhéanamh agus a smaointe a phlé. D'éirigh go maith leis, agus mar thoradh ar léachtaí, duaiseanna agus pointí díospóireachta na féile, anois is imeacht dhaindeog í san fhéilire bliantúil: bíonn deis ag scríbhneoirí, múinteoirí agus léitheoirí saothar inspioráideach a chloisteáil agus a cheannach, argóint faoi údarás (ealaíonta agus morálta) filí, pléisiúir na healaíne a phlé, agus, freisin, páirt a ghlacadh in ardú agus íslíú clú.

SCÁTHÁN

Thóg sé roinnt ama orm a thuiscint cén fáth go raibh tuairisc na Comhairle Ealaíon chomh haisteach ar an gcéad léamh dom. Tá sé cosúil le siúl trí scáthán. Tá *siadsan* ag scríobh *fúinne* (na healaíona), in áit a mhalairt: is é sin, níl filíocht ag scrúdú an stáit nó an phobail nó níl siad á gcur in iúl aici, ach tá an stát (agus an pobal) ag tomhas agus ag déanamh ionadaíochta ar na healaíona.

UIMHREACHA

Ní hé Poetry Now an t-aon fhéile litríochta ar a bhfuil an-mheas, agus cosúil le Cúirt i nGaillimh, Writers' Week i Lios

Tuathail agus imeachtaí eile gearra, bliantúla, nach dtéann ar camchuart, braitheann rath na himeachta ar mhaoiniú an stáit le cois urraíocht agus ioncam ón lucht leanúna. Gan bhuiséad poiblíochta, chaillfeadh an fhéile an lucht leanúna nua go hiomlán. Ní dhéanfadh sé ciall dá mbeadh an phoiblíocht do dheireadh seachtaine amháin de léamh na filíochta cosúil le poiblíocht ‘block-buster’ (nach bhfuil ar fáil ach ar feadh ceithre seachtaine ag 5,000 scáileán Eorpach, cé gur deas an smaoineamh é...), ach ba chúig go mbeadh tacaíocht chosanta Éireannach ar fáil d’imeachtaí filíochta i láthair mhargaidh phlódaithe na hÉireann. Féadann sé a bheith costasach imeachtaí aonuaire a chur chun cinn, ach tá pobal ann d’fhéilte a mheallann na léitheoirí idirnáisiúnta is fearr chomh maith le scríbhneoirí Éireannacha: níl caighdeán na n-imeachtaí seo i gceist (mar is léir ó mhéid na sluaite, le cois na n-athbhreithnithe Éireannacha agus idirnáisiúnta ar an bhféile). Agus tá sé soiléir freisin, cé gur molann John Burns a mhalairt i bpaimfléad eile sa tsraith seo, go mbíonn rath ar thacaíocht na Comhairle Ealaíon do ghníomhaíochtaí agus asraonta poiblíochta.

Léirítear an rath sin sa tuairisc: cé gur luann *The Public and the Arts* an laghdú ar spéis an phobail sna taibhealaíona arís agus arís eile, tuairiscíonn sé lucht leanúna méadaithe don imeacht phoiblí is mó a bhaineann le filíocht, léamh na filíochta, mar in ionad titim tá méadú tagtha air (méadú 25%). Is dea-scéal é sin agus is táscaire é den bhealach ar a gcomhdhlúthaigh tacaíocht na Comhairle Ealaíon infheictheacht phoiblí an chineáil seo ealaíne trí mhaoiniú a thabhairt do na féilte litríochta atá ar fáil thall is abhus i bhféilire na hÉireann. Mar sin féin, ní chláraíonn imeachtaí

filíochta ach líon beag rannpháirtithe rialta fós, rud a luaitear dom go minic, de ghnáth beo ar an raidió le linn feachtais chaidrimh phoiblí Poetry Now:

RAIDIÓ 1

‘má tá an oiread sin spéise ag daoine san fhilíocht’, a deir ‘abhcóidí an diabhair’ seo ar an raidió, ‘cén fáth ar gá duit an oiread sin poiblíochta a dhéanamh?’ Bheadh sé deacair smaoineamh ar lucht féachana do scannán nó do cheolchoirm nach bhfuair poiblíocht ar bith ach ní leor é sin dóibh riamh: ‘Nach bhfuil a hábharthacht cailte ag an bhfilíocht?’ a fhiafraíonn siad díom. ‘Is cinnte níl suim dá laghad ag a lán daoine, formhór na ndaoine, san fhilíocht,’ a deir siad ina dhiaidh.

SUIM

B’fhéidir go bhfuil an ceart acu faoin leibhéal íseal suime: is fíor is annamh a léann daoine, scríbhneoirí san áireamh, údair úrscéalta ach go háirithe (cé go bhfuil eisceachtaí ann), dánta agus is annamh a bhraitheann siad ar a sáimhín só leo, agus in go leor cásanna ní tharlaíonn sé choíche. Ach maidir le léitheoireacht saoire, is éasca a mholadh súil a chaitheamh ar *Georgics* le Peter Fallon, *The Holy Land* le Maurice Riordan agus *Sun Under Wood* le Robert Hass, agus b’fhéarr dom seachtain a chaitheamh ag an bhfiacloir ná ficsean a díoladh go forleathan cosúil le Saturday le A-B-’s, nó S-, nó C-D-’s, C-A-, nó E-F-’S M-N-...’ Agus fós féin, léifidh mé úrscéalta nua, go háirithe má mholann cairde nó sraith an-láidir d’fhógraí nuachtáin iad.

RAIDIÓ 2

Cén fáth an fhilíocht? Cén fáth nach fiú an fhilíocht? Má chuirim ceist ar ‘abhcóidí an diabhair’ siúd ar an raidió (nó ar údair úrscéalta) faoi fhilí a rinne siad iarracht iad a léamh le déanaí, is minic a luann siad an Ardteistiméireacht (cé nach n-úsáidim féin *Silas Marner* le George Eliot chun seánra an úrscéil a cháineadh, ná Ian McEwan ach oiread). I ndiaidh roinnt leideanna a thabhairt dóibh, de ghnáth deir siad go dtaitníonn Kavanagh leo, is cuimhin leo ranna do pháistí, dán a chonaic siad san *Irish Times* tamall ó shin; bíonn dearcaí éagsúla ag daoine faoi Paul Durcan ar an raidió. Scríobhann siad corr dáin iad féin, cé nach bhfuil siad i ndáiríre faoi.

ÉASCA

B’fhéidir nach nglactar le dánta mar ábhar dáiríre toisc go bhfuil an chuma orthu go mbeadh siad an-éasca le scríobh. I ndiaidh leabhar a cheannach, ní gá duit fiú dul áit éigin chun na dánta a léamh. Tá sé éasca freisin tús a chur le scríobh dáin: níl gá le hairgead, teicneolaíocht, ná fiú, i gcomparáid le húrscéal, lena lán dianobair scríbhneoireachta. Ní gá ach peann agus bileog pháipéir. B’fhéidir gur chóir d’fhilí creidmheas a thabhairt do Chomhairleoirí Foirmiúla, Comhairleoirí Íomhá, Bainisteoirí Solais, Giollaí, Eagarthóirí Fuaime, roinnt léiritheoirí feidhmiúcháin.

GAN FHILÍOCHT A SHAINMHÍNIÚ

Cén fáth go bhfuil coincheap chomh neamhchruinn ag daoine faoi céard is FILÍOCHT ann? I ndáiríre, tá an neamhchruinneas neamhniúchta sin mar ghné shainmhínithe na filíochta do

go leor daoine. Dar leo, is imeacht bhog leath-spioradálta neamhréasúnach í ón domhan ina bhfuil cónaí orthu, domhan ina bhfuil brú chomh mór orthu ina saol laethúil ó chúiseanna imní tábhachtacha nach bhfuil an t-am acu féachaint ar ealaín chomh doiléir neamhbhainteach.

NEAMHCHRUINNEAS

B'fhéidir go bhfuil dánta agus filí ann ar chóir an tréith sin a shannadh dóibh, ach níl dánta maithe neamhchruinn ná níl siad 'neamhbhainteach' ach oiread. De ghnáth, bíonn dánta soiléir, bunaithe ar an mbealach ar a labhraíonn daoine (agus ar conas a mhaireann agus a smaoiníonn siad, agus ar a dtaithe ar an domhan laethúil): luann formhór na sainmhínte de dhán maith an úsáid iontach a bhaineann sé as (nó an dearcadh iontach a bhíonn aige faoi) an ábhar sin, fionnachtain íomhánna úra, cruthú 'memorable speech'. Is filíocht í sin nach bhfuil scartha ón domhan ach atá gafa leis agus uiliteach dó. Baineann sí taitneamh as na bacainní nó teibíochtaí a chuireann lúibíní nó doirse timpeall ár n-ionannais de ghnáth; tugann sí dúshlán dár n-ionchais; déanann sí iarracht an fhírinne a insint faoi conas a mhairimid ag tráth ar leith.

INSINT

Is éard a bhíonn i gceist le gearáin roinnt daoine faoin bhfilíocht, faoi na 'hard-ealaíona' mar a deirtear, ná gearáin i ndáiríre faoi cé chomh héagsúil agus atá an fhilíocht ó chineálacha eile téacs. Ní dhíríonn sí ar iarmhairtí: ní iarrann sí ort rud éigin a cheannach mar a iarrann fógraíocht ort. Ní

iarrann sí ort éisteacht arís an tseachtain seo chugainn chun a fháil amach céard a tharla don bhean tí éadóchasach nó don ghangstaer nó don draoi. Nó seiceáil níos déanaí ar shínigh d'fhoireann ball nua, nó an bhfuarthas an cailín cailte nó an bhfuil na coimeádaithe síochána á seoladh isteach fós.

DÁNTA

Fágann dánta teannas inste na scannán agus an fhicsin agus na nuachta ar lár: níl mórán spéise acu ach oiread i gcarachtar a chíoradh. *Tá* spéis acu, áfach, tá siad gafa le ham, agus le fuaim agus cuma rudaí, agus cuireann siad dearcaí iomlána in iúl: seasann siad ar chóras luacha a dhearbhuí, ar cheisteanna a chur faoi conas a mhairimid anois. Is aoibhinn liom é sin faoi dhánta. Déanann gach dán maith é. Ach dá rachainn chuig dán clasaiceach Derek Mahon 'Everything is going to be all right', ag lorg plota nó inste, níl a fhios agam cá háit a d'fhéachfainn chun teacht ar dhíomá.

How should I not be glad to contemplate
the clouds clearing beyond the dormer window
and a high tide reflected on the ceiling?
There will be dying, there will be dying,
but there is no need to go into that.
The lines flow from the heart unbidden
and the hidden source is the watchful heart.
The sun rises in spite of everything
and the far cities are beautiful and bright.
I lie here in a riot of sunlight
watching the day break and the clouds flying.
Everything is going to be all right.

CÁ HÁIT LE FÉACHAINT: RÉAMHRÁ

Tá teideal le cuma an-dearfach ag an dán seo (Cloisim ‘Three Little Birds’ le Bob Marley ann áit éigin (insíonn google dom gurbh chnag é an bhliain inar scríobhadh an dán)).

Tá an chuma air go léiríonn crescendo na ríme gur ceiliúradh caithréimeach é an dán seo freisin (bright / sunlight / right; everything / flying).

Ach tá an íomhá sin athraithe ag Mahon: baineann gach aon líne bunús dár gcéad freagra ar na línte sin ar bhealach éigin, agus feicimid ansin nach bhfuil an file sásta “not glad” (agus an bhfuil ceist na chéad chúpla línte beagán cosúil le ‘Shall I compare thee to a summer’s day?’ B’fhéidir), tá lán mara “on the ceiling” (an file faoi bhun uisce, thar bord?), tá na cathracha i gcéin ‘far’ álainn (ach níl an chathair seo), is círéib ‘riot’ é solas na gréine, níl an lá briste ‘broken’ fós, tá na scamail fós ann (fiú amháin má tá siad ag eitilt) agus tuigimid de réir a chéile ‘*Seans maith* go mbeidh gach rud togha’ am éigin sa todhchaí ach faoi láthair tá cúinsí sách uafásach do chainteoir an dáin. Ach fós...

Ina leagan is déanaí de *Oedipus*, de réir script Derek Mahon deir Oedipus go muiníneach ag tús an dráma: ‘Everything is going to be all right’.

Tá sé éasca an dán seo a chur de ghlanmheabhair agus tiocfaidh a línte chugat lá amháin agus tú ag tiomáint abhaile faoin mbáisteach nó tú ag féachaint suas ón nuachtán lá éigin ag smaoineamh faoi chogadh san Iaráin.

Bíonn tionchar cosúil ag dán le Emily Dickinson, uimhir 80 ina *Collected Poems*.

EMILY DICKINSON

Our lives are Swiss –
So still – so Cool –
Till some odd afternoon
The Alps neglect their curtains
And we look farther on!

Italy stands the other side!
While like a guard between –
The solemn Alps –
The Siren Alps
Forever intervene!

POBAIL

Chun an rómáns seo idir an Pobal agus na hEalaíona a dhéanamh níos casta fós, tá dhá chineál pobail ag m'eaiaín féin, an fhilíocht, lucht léitheoireachta le cois lucht éisteachta, agus ní mór di an dá ghrúpa sin a shásamh.

Áitíonn roinnt daoine go mbíonn aeistéitic éagsúil ag teastáil ón dá phobal sin. Ach is éasca a bheith forordaitheach faoi na rudaí ba chóir d'fhilíocht a dhéanamh, agus na rudaí nár chóir di a dhéanamh, seachas a bealach féin a dhéanamh agus gan chloí le hionchais, mar a chloíonn nuachtán nó tuismeá.

ANDORCHADAS

Má tá borradh chun teacht ar lucht leanúna na filíochta, tá abhcóidí poiblí de dhíth ón bhfilíocht, chomh maith le plé agus argóintí. Ní chiallaíonn sé sin gur chóir don fhilíocht iarracht

a dhéanamh a bheith sa nuacht i gcónaí, ach gur chóir go mbeadh níos mó asraonta agus ionaid tionóil aici chun go gcuirfeadh daoine aithne ar straitéisí agus láidreachtaí na filíochta.

I ndáiríre, is minic a chailleann dánta a théann ar thóir na nuachta cumhacht agus neart na healaíne agus éiríonn siad gafa i reitricintuartha ar son nó i gcoinne ábhar i ndíospóireacht phoiblí. In ionad sin, ciallaíonn neart dáin gur féidir leis cosc a chur orainn creideamh sa rud ar mian linn, agus é ag brú ár ngníomhú féin orainn chun go bhfreagraímid dá mholtaí, gan aon duine ag féachaint orainn chun ‘Mícheart’ a rá linn, de réir mar a mheallann dán muid chun é a léamh ar a théarmaí féin, ag treorú muid uainn féin, isteach sa dorchadas, isteach sa solas.

CLEAMHNAS

Is áiteanna maithe iad féilte litríochta chun tosú ar fhéachaint ar fhilíocht agus éisteacht léi, rud a aithnítear i *The Public and the Arts*. Ach ó 2000 eisíodh buinne díleann leabhar a aithníonn formhór na léitheoirí gur leabhair mhaithe thaitneamhacha iad. Má tá mearbhall ar aon duine faoi spéis Patrick Kavanagh in Allen Ginsberg (beirt fhilí a n-aontaíonn beagnach gach aon duine fúthu), ba chóir súil a chaitheamh ar *Touching the Bones* le Tom French ar dtús. Má thaitin *Red Mist*, leabhar le Conor O’Callaghan faoi Roy Keane le duine, seans maith go mbainfeadh sé nó sí taitneamh as a dhánta freisin, agus ba chóir dóibh tosú le *Seatown*, a leabhar iontach faoi theorainneacha agus cladaigh (agus Dún Dealgan).

FÍOR-ÁITEANNA

Agus Dún Dealgan luaite agam, má léann tú leabhair chun teacht ar dhomhain shamhailteacha agus fíor-áiteanna, nó chun aithne a chur ar do cheantar féin, ní dóigh liom go bhfuil aon duine ann atá fiosrach faoi Éirinn (nó faoi Éirinn an lá atá inniu ann) nach mbainfeadh taitneamh as *Greetings to our Friends in Brazil* agus *The Art of Life* le Paul Durcan nó *Moy Sand and Gravel* le Paul Muldoon, fiú amháin má tá na dánta is faide leo bunaithe sa Bhrasaíl agus san Iodáil agus i New Jersey. Agus má tá áiteanna níos sonraí á lorg agat, scríobhann filí leabhair atá níos cuimsithí ná treoracha garbha, agus nach mbaineann le cnoic iargúlta agus aibhneacha uaigneacha amháin: tá *Belfast Confetti* le Ciaran Carson agus *Somebody, Somewhere* le Alan Gillis ar fáil do Bhéal Feirste; tá *Bring Everything* le Peter Sirr agus *Water & Power* le Gerard Fanning ar fáil do Bhaile Átha Cliath; tá *Throw in the Vowels* le Rita Ann Higgins agus *Spring on Henry Street* le Eva Bourke ar fáil don Ghailimh; tá *Mr Dineen's Careful Parade* le Tom McCarthy agus *Selected Poems* le Eiléan Ní Chuilleanáin, atá ag teacht amach go luath, ar fáil do Chorcaigh. Is leabhair spéisiúla, spreagúla iad seo. Cabhraíonn siad le léitheoirí taitneamh a bhaint as aonaracht, agus aonaracht, tréimhsí gearra ama ina n-aonair, a lorg (amach ón nguthán póca agus ón idirlíon, atá mar acmhainn iontach do léitheoirí na filíochta ach atá mar chuideachta léitheoireachta uafásach a bhriseann isteach ort freisin). Cuireann siad i gcuimhne dom go bhféadaim 'look farther on' fiú amháin nuair a chaithim féachaint freisin ar na bacainní spéire, 'the siren alps'.

FÍRINNÍ 2

Ní foirm ealaíne í an fhilíocht a ghinfidh ioncam don stát nó dá cleachtóirí, ach is foinse pléisiúr agus duaiseanna uathúla annamha í dá léitheoirí. Míníonn sí conas a smaoinimid fúinn féin; mar a dúirt Derek Mahon, is áit í a bhféadfaí a rá fúithi, ‘a thought might grow’. Tá cothú na filíochta éirithe níos deacra agus níos tábhachtaí cinnte, ach is fíor freisin go bhfuil ról leanúnach an stáit maidir le hurraíocht phoiblí a thabhairt d’eispéireas atá scaoilteach agus atá príobháideach de réir riachtanais, chomh maith leis an tacaíocht a thugann sé d’ealaíontóirí aonair, mar fhórsa bunúsach maith.

John McAuliffe, *Lúnasa 2007*

Is iad *A Better Life* (Gallery, 2002) agus *Next Door* (Gallery, 2007) na leabhair le John McAuliffe. D’éirigh sé aníos i Lios Tuathail, Co. Chiarraí agus anois is comhstiúrthóir é ar an Centre for New Writing ag Ollscoil Mhanchain.

70 Merrion Square,
Dublin 2, Ireland

70 Cearnóg Mhuirfean,
Baile Átha Cliath 2, Éire

t +353 1 618 0200
f +353 1 676 1302
Callsave 1850 392 492

e info@artscouncil.ie
w www.artscouncil.ie